ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Fuaim & Fís 4

Treoir d'Iarratasóirí

Babhta 47

Ba cheart do gach iarratasóir an Treoir seo a léamh sula ndéanann siad foirm iarratais oifigiúil a chomhlánú agus í a chur isteach ar www.baionline.ie (ina dhiaidh seo "BAIonline"). Is féidir an fhoirm iarratas oifigiúil a íoslódáil ó BAIonline nó ó Fuaim & Fís 4 - Údarás Craolacháin na hÉirean (bai.ie)

Tá mionsonraí sa Treoir faoin bhfaisnéis a chaithfear a chur ar fáil mar chuid d'iarratas. Forchoimeádann an tÚdarás an ceart chun aon chuid den doiciméad seo a cheartú nó a athrú. Sa chás go n-athraítear nó go leasaítear an doiciméad seo, cuirfear leagan cothrom le dáta ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag www.bai.ie agus ar BAIonline agus aithneofar é ó mhí agus ó bhliain a fhoilsithe. **Is faoi na hiarratasóirí féin a bheidh sé a chinntiú go bhfuil an leagan reatha den Treoir agus den fhoirm iarratais in úsáid acu.**

Maidir le gach ceist faoin Treoir seo agus faoin bhfoirm iarratais téigh i dteagmháil leis an Údarás ag:

T: +353 1 6441200
R: info@bai.ie
S: Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
D02 XP29
Baile Átha Cliath
Éire

Ní mór d'iarratasóirí féideartha nach bhfuil taithí acu leis an bpróiseas iarratais tabhairt faoi ndearadh go gcaithfear iarratas a sheachadadh ar line. Tá treoirlínte curtha ar fail ag an BAI chun cabhrú le iarratasóirí féideartha leis an gcóras iarratais ar line, BAIonline.ie agus moltar d'iarratasóirí féideartha na treoirlínte a léamh agus iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanaisí an córas ar line, go háirithe an riachtanas go gcaithfear clárú mar úsadóir roimh iarratas a dhéanamh.

Clár Ábhar

1. Fuaim & Fís 4 4
2. Nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh 5
3. Nósanna Imeachta Measúnúcháin 7
3.1 An Chéim Réamh-mheastóireachta 7
3.1.1 Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú? 7
3.1.2 Cén nithe a mhaoineofar as an Scéim? 7
3.1.3 Cad iad téamaí cláir agus ceanglais teanga na Scéime? 8
3.1.4 Cad iad on fhormáid ó thaobh clár agus na ceanglais ó thaobh seánra de ag an Scéim? 8
3.1.5 Cad é an rud é an Ceanglas chun Craoladh a dhéanamh? 9
3.1.6 Seirbhísí Rochtana (Teilifís amháin) 10
3.1.7 An é an craolachán an t-aon slí amháin chun ábhar a mhaoinítear tríd an Scéim a dháileadh? 11
3.1.8 Cathain is gá dom réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh deacair a dhéanamh/buiséad íseal 13
3.1.9 Cad iad na riachtanais a bhaineann le caiteachas réigiúnach ar thionscadail closamhairce? 14
3.1.10 Cad iad na costais incháilithe? 15
3.1.11 Tús a chur leis an léiriú 16
3.2 An Chéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil 16
3.3 An Chéim Mheasúnaithe Straitéisigh 17
3.4 Údarás 17
3.5 An Próiseas Cinnteoireachta 17
3.6 Cinntí Maoinithe 18
3.7 Conraitheoireacht 19
3.8 Séanadh 19
4. An Fhoirm Iarratai 20
4.1 Sonraíocht Chláir 21
4.2 Buiséad 21
4.3 Nótaí leis an mBuiséad agus/nó Buiséad Mionsonraithe 23
4.4 Plean Airgeadais 24
4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir 24
4.6 Litir (Litreacha) Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile 25
4.7 CVanna agus Litreacha Tiomantais ó Phearsanra Lárnach 26
4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha 26
4.9 Oird Reatha Thascacha 26
4.10 Scripteanna 26
4.11 Saothar Ealaíne Beochana 27
4.12 An Prionsabal 'Pictiúrlann ar dTús' 27
4.13 An Prionsabal 'Digiteach ar dTús' 27
Aguisín 1 – Réamh-Mhaitrís Scórála 28
Aguisín 2 – Maitrís Scórála Cáiliúcháin 29
Aguisín 3 – Maitrís Scorála Straitéisí 30

1. Fuaim & Fís 4

Is é cuspóir an doiciméid seo ("an Treoir") ná treoir a sholáthar d'iarratasóirí agus d'iarratasóirí ionchasacha Fuaim & Fí 4 ("an Scéim") faoin méid seo a leanas:

- cé atá in ann cur isteach ar mhaoiniú
- cad is féidir a mhaoiniú faoin Scéim, agus
- conas iarratas a chruthú agus a chur isteach chun maoiniú a fháil.

Tá faisnéis ann freisin faoin bpróiseas measúnaithe, faoi fhógra a thabhairt maidir le cinntí maoinithe agus faoi na chéad chéimeanna eile i gcás iarratasóirí rathúla.

Is éard atá in *Sound and Vision 4* ("an Scéim") ná scéim um maoiniú do chláir theilifíse agus raidió, a forbraíodh faoi fhorálacha Acht Craolacháin, 2009 ("an tAcht"). Is iad cuspóirí na Scéime:

- Cláir ardchaighdeáin a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann,
- Na cláir sin a fhorbairt as Gaeilge,
- Cur leis an bhfáil atá ag lucht féachana agus éisteachta sa Stát ar na cláir dá dtagraítear thuas,
- Éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann a léiriú,
- Taifeadadh a dhéanamh ar oidhreacht bhéil na hÉireann agus ar ghnéithe d'oidhreacht na hÉireann atá ag dul i léig, atá i mbaol nó nach ndearnadh taifeadadh orthu roimhe seo, agus
- Craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, cuireann an Scéim maoiniú deontais ar fáil do chláir nua teilifíse agus raidió ina bpléitear leis na téamaí seo a leanas:

- Cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann;
- Litearthacht aosach nó litearthacht ó thaobh na meán a fheabhsú;
- Feasacht agus tuiscint an phobail a chothú faoi shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát; agus/nó
- Aon cheann de na téamaí thuas as Gaeilge.

Cuirtear maoiniú ar fáil don Scéim trí leas a bhaint as an gCiste Craolacháin arb é atá ann 7% de na glanfháltais bhliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse. Sannadh an fhreagracht maidir le riar an chiste seo ar an Údarás. Is ón gCiste Craolacháin a chuirtear maoiniú ar fáil do Scéim Cartlannaithe an Údaráis.

Is iondúil go leithdháileann an tÚdarás maoiniú trí chóras babhtaí maoinithe. Socraíonn an tÚdarás an sprioc-am agus an spriocdháta i gcás gach babhta; na cineálacha iarratais is féidir a chur isteach agus méid an mhaoinithe atá ar fáil. Foilsítear na sonraí sin ar láithreán gréasáin an Údaráis www.bai.ie.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chuspóirí, raon feidhme agus faoi mhaoiniú na Scéime, léigh *Sound & Vision 4*: *Scéim um Maoiniú Craolacháin (Aibreán 2020)* ("Doiciméad na Scéime") atá ar fáil ag Fuaim & Fís 4 - Údarás Craolacháin na hÉireann (bai.ie)

2. Nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh

2.1 Iarratas a chur isteach: Ní mór gach iarratas a chur isteach trí BAIonline.ie. Ní mór iarratais atá comhlánaithe go hiomlán a chur isteach ar BAIonline faoin 12 meán lae ar an spriocdháta le haghaidh gach babhta maoinithe, mura luaitear a mhalairt. Tá na sprioc-amanna agus na spriocdhátaí foilsithe ar www.bai.ie. Ní fhéadfar iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bheidh Babhta maoinithe ar oscailt. Beidh gach Babhta maoinithe ar oscailt ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta foilsithe. Déanfar iarratais neamhiomlána a dhícháiliú. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Údaráis maidir leis sin.

2.2 Clárú Iarratasóra: Ní mór d'aon duine ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an Scéim a bheith cláraithe mar Iarratasóir ar BAIonline. **Ní mór d'iarratasóirí ionchais clárú a iarraidh tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirtear deireadh le babhta maoinithe.**

Téigh go dtí an BAI ar líne lena dheimhniú conas clárú. Déan tagairt do Cheisteanna Coitianta an BAI ar líne ar BAIonline mura bhfuil tú cinnte faoi conas iarratas a sheoladh ar aghaidh nó dean teagmháil leis an BAI ag info@bai.ie.

2.3 Seicliosta d'iarratais: Ba cheart d'iarratasóirí bheith ábalta freagra dearfach a thabhairt ar na 12 cheisteanna a leanas le bheith incháilithe d'iarratas a dhéanamh i gcomhair maoinithe:

1	Tá mé cláraithe le BAIonline	Tá/Níl
2	Tá seiceáilte agam go bhfuil an Conraitheoir le haghaidh mo chláir cláraithe freisin le BAIonline agus tá an t-eintiteas sin curtha isteach mar an "Conraitheoir" agam ar m'iarratas BAIOnline.	Tá/Níl
3	Tá an Scéim S&V4 agus an Treoir S&V4 (Babhta 47) reatha d'Iarratasóirí léite agam agus tuigim iad	Tá/Níl
4	Déanfaidh mé teimpléad na foirme iarratais a chomhlánú agus é a shábháil mar aon **PDF amháin** (níos lú ná 8MB) sula n-uaslódálfaidh mé an doiciméad seo ar BAIonline. Tá dearbhuithe uile tríú páirtithe ináirithe laistigh den iarratas agus tá an t-eolas ar fad san iarratas so-léite. Tá an cháipéisíocht uile a chuirtear ar fáil san iarratais PDF ionchorpraithe san iatán PDF ach amháin i gcás obair ealaíne beochana agus sárthaispeántais beochana. Níor áiríodh naisc le cáipéisíocht a choinnítear go seachtrach leis an doiciméad iarratais PDF. Déantar aon ábhar a mheastar a bheith faoi rún a shábháil in aguisín mar PDF amháin agus tá an réasúnaíocht chun rúndacht a lorg leagtha amach go soiléir agus á uaslódáil chuig BAIonline. Ba cheart gurb é an t-aon ábhar a chuirtear isteach mar PDF ar leithligh leis an iarratas PDF ná cáipéisíocht atá faoi rún.	Tá/Níl
5	Táim chun a sheiceáil nach bhfuil víris ríomhaire sa doiciméad seo sula ndéanfar é a uaslódáil chuig BAIonline	Tá/Níl
6	Tá na réimsí éigeantacha ar fad ar an gcuid den fhoirm iarratais atá ar líne comhlánaithe agam ar BAIonline	Tá/Níl
7	Tá an togra atá beartaithe agam réidh lena léiriú	Tá/Níl
8	Níl tús curtha go fóill le léiriú an togra atá beartaithe agam	Tá/Níl
9	Tá an togra atá beartaithe agam nua	Tá/Níl
10	Táim cinnte nach clár nuachta agus cúrsaí reatha é an togra atá beartaithe agam	Tá/Níl
11	Tá an chuid is mó den Mhaoiniú eile a theastaíonn chun an tionscadal seo a léiriú léirithe mar mhaoiniú urraithe i m'iarratas agam de réir alt 4.6 den Treoir seo.	Tá/Níl
12	Tá gá le haon sonraí pearsanta atá san iarratas seo	Tá/Níl
Ba cheart *"Tá"* a bheith le gach ceann de na ceisteanna thuas. *Nuair atá tú sásta go bhfuil 1-12 comhlánaithe agat, tá tú réidh chun an t-iarratas a chur isteach trí* BAIonline.		

2.4 Deimhniú Faisnéise: Ní mór go mbeidh aon fhaisnéis a luaitear mar chuid den iarratas bheith cruinn agus fíor.

2.5 Spriocdháta: Ní mór gach iarratas agus aon cheangaltáin ábharta a chur isteach trí BAIonline, faoi **12 meánlae Dé Déardaoin, 8 Nollaig 2022.**

2.6 Faisnéis Rúnda: Ba cheart aon fhaisnéis a mheasfaidh iarratasóir a bheith faoi rún a uaslódáil mar cheangaltán ar leithligh leis an iarratas sa chuid dar teideal Ábhar faoi Rún ar thaifead iarratais BAIonline. Déanfaidh an BAI cinnte de go láimhseáiltear an fhaisnéis seo ar bhealach iomchuí le linn agus i ndiaidh an phróisis iarratais.

2.7 Saoráil Faisnéise: Déanfar gach uile iarracht faisnéis a fhaightear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, i gcomhréir le ceanglais dlí an BAI lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar iarratasóirí agus ar chonraitheoirí a machnamh a dhéanamh faoinar cheart d'aon fhaisnéis a sholáthraítear chuig an BAI bheith **nochtaithe ar chor ar bith** de bhrí ar a bhfuil ráite san fhaisnéis. Chomh maith leis sin, iarrtar orthu a lua cén fhaisnéis atá i gceist, más ann di, agus na cúiseanna a bhaineann leis an ngá rúndachta. Rachaidh an BAI i mbun comhairle le hiarratasóirí i dtaca le haon fhaisnéis rúnda, phearsanta nó tráchtála a d'fhéadfadh bheith íogair sula ndéanfar aon chinneadh faoi fhaisnéis a scaoileadh faoi théarmaí an Achta um Shaoráil Faisnéise. Scaoilfí faisnéis dá leithéid mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

2.8 Cosaint Sonraí: D'fhonn an tionscnamh maoinithe seo a rith ar bhealach éifeachtach, iarrfaimid sonraí a bhaineann leis an t-iarratasóir agus sonraí beachta i dtaca leis an tionscnamh molta. Cuimsítear anseo, sonraí agus cáipéisíocht ina luaitear sonraí pearsanta amhail teidil phoist, tuarastail agus seoltaí rphoist.
Comhlíonfaidh an BAI a ndualgais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an *Data Protection Act*, 2018 agus faoi aon dlíthe nó rialacháin príobháideachais iomchuí a bhaineann le sonraí agus é ag láimhseáil nó ag próiseáil aon fhaisnéis phearsanta a fhaightear le linn an phróisis mhaoinithe seo.

Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear le hiarratais, le n-áirítear faisnéis phearsanta chun an t-iarratas a chur ar aghaidh agus chun dul i dtéagmháil leis an iarratasóir.

Ní choinneofar na sonraí pearsanta a chuirtear leis na hiarratais ach amháin sa chás go n-éiríonn leis an iarratas. Bheadh na sonraí seo de dhíth d'fhonn an conradh maoinithe a eisiúint agus d'aon mheasúnú a dhéanfaí ar fheidhmíocht maidir leis an deontas agus aon torthaí gaolmhara. D'fhéadfaí na sonraí a úsáid ar mhaithe le hachomhairc a dhéanamh ar an tionscnamh maoinithe féin agus d'fhéadaí na sonraí bheith úsáidte ag taighdeoirí seachtracha. Scriosfaí aon sonraí pearsanta ar fhoirmeacha srl. sna cásanna sin.

Tá an BAI tiomanta do chosaint a dhéanamh ar na sonraí pearsanta go léir a sholáthraítear mar fhreagra ar an nglaoch iarratais i leith an bheartais mhaoinithe seo. Tá Oifigeach do Chosaint Sonraí ceaptha ag an BAI cheana agus tá an t-oifigeach seo cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.
Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta ar fáil i mBeartas a d'fhoilsigh an BAI anseo: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-um-beartas-cosanta-sonrai/ agus tá téarmaí agus coinníollacha an BAI ar fáil anseo: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/tearmai-coinniollacha/.

2.9 Coinbhleachtaí Leasa: Ní mór don Údarás an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995) agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001) a chomhlíonadh. I dtaca leis sin, más rud é gur iarratasóir thú, agus má fhaigheann tú amach faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú maidir le d'iarratas, ní mór duit an tÚdarás a chur ar an eolas go pras faoi na cúinsí sin.

3. Nósanna Imeachta Measúnúcháin

Tá cúpla céim ann sa phróiseas. Beidh measúnú a dhéanamh ar iarratas in aghaidh critéir a aontaíodh cheana féin ag gach uile chéim den phróiseas. Tá na critéir sin ag teacht le hAcht 2009 agus le beartais an BAI. Seo a leanas na céimeanna sa phróiseas:

- Céim réamh-mheastóireachta
- Céim an mheasúnaithe cháilíochtúla
- Céim an mheasúnaithe straitéisigh
- Cinneadh an Údaráis

Ionas go mbeidh an próiseas soiléir d'iarratasóirí, seo a leanas briseadh síos beacht ar gach uile chéim den phróiseas iarratais.

3.1 An Chéim Réamh-mheastóireachta

Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéir a shásamh sula ndéanfar measúnú orthu i leith maoinithe. Ní mór dóibh bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh agus ní mór iarratas a dhéanamh do thionscnaimh a cheadaítear faoin Scéim agus ní mór maoiniú a iarraidh laistigh de na teorainneacha ceadaithe. Leagtar amach an Creatlach Scórála Cáilithe don chéim seo in Aguisín 1. Mura shásaítear na bunchritéir seo go léir, ní dhéanfar an t-iarratas a mheas tuilleadh. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Údaráis maidir leis sin.

3.1.1 Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

Scéim. Ní foláir ná gur Éireannaigh amháin nó saoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an AE iad na daoine aonair. Ní foláir d'aonáin dlí a bheith ionchorpraithe in Éirinn nó san AE.

3.1.2 Cén nithe a mhaoineofar as an Scéim?

Tá maoiniú ar fáil i gcomhair costais tháirgthe ábhar fuaime nó chlosamhairc nua d'fhormáidí cláir, do sheánraí agus do théamaí áirithe a chraolfaidh craoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama de ghnáth.

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chláir atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chláir atá i mbun léirithe cheana féin nó le hiarratais ar chláir ar féidir le lucht féachana catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha.

Cláir Nua: Ní mór gach clár a mhaoinítear a bheith úrnua agus gan tús a bheith curtha leis an léiriúcháin roimh cur isteach ar an scéim. Bheadh an tÚdarás sásta iarratais a bhreithniú maidir le dara clár nó sraith clár. Sa chás seo, ní mór don iarratasóir an méid seo a chur síos san fhoirm iarratais (ar líne agus sa leagan MS Word/pdf den fhoirm iarratais):

- Ná cúiseanna gur togra 'nua' an togra atá beartaithe a leagan amach; agus
- A thaispeáint go bhfuil an clár bunaidh nó an tsraith bhunaidh agus/nó aon chlár nó sraith ina dhiaidh sin críochnaithe den chuid is mó nuair a chuirtear an t-iarratas isteach. Más rud é go mbronntar maoiniú i bprionsabal ar dhara clár/sraith, caithfear an clár/an tsraith atá ar conradh cheana féin a chur i gcrích agus a sheachadadh chun sástacht an Údaráis sula dtabharfar conradh le haghaidh an dara clár/sraith i gcrích. Tabhair faoi deara go bhfuil feidhm leis an spriocdháta caighdeánach 12 mhí chun idirbheartaíocht chonartha maidir le dara clár/sraith a thabhairt i gcrích.

3.1.3 Cad iad téamaí cláir agus ceanglais teanga na Scéime?

Ní mór déileáil sna cláir le ceann amháin ar a laghad de na téamaí atá leagtha amach thíos agus cuireann an tÚdarás fáilte roimh léirmhínithe leathana, cruthaitheacha ar na téamaí sin.

- Oidhreacht, cultúr agus taithí na hÉireann, ina bhféadfar na téamaí seo a leanas a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh: an stair; foirgnimh stairiúla; an timpeallacht nádúrtha; an daon-oidhreacht, oidhreacht na tuaithe agus an oidhreacht dhúchasach; na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha; an Ghaeilge, agus taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta;
- Litearthacht aosach nó litearthacht ó thaobh na meán a fheabhsú;
- Feasacht agus tuiscint an phobail a chothú faoi shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát;
- Aon cheann de na cláir thuasluaite a fhorbairt as Gaeilge; agus

Tá dearcadh leathan ag an Údarás ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a chuimsíonn na léirithe comhaimseartha ar fad ar na téamaí sin. Féadfaidh na cláir a bheith i nGaeilge, i mBéarla, dátheangach (Gaeilge agus Béarla) nó ilteangach (i.e. Gaeilge móide dhá theanga nó níos mó)[1]. Ní mór 30% ar a laghad den ábhar a bheith i nGaeilge i gcláir dhátheangacha agus ilteangacha.

3.1.4 Cad iad on fhormáid ó thaobh clár agus na ceanglais ó thaobh seánra de ag an Scéim?

Mar a fhoráiltear faoi Alt 154 (d) den Acht Craolacháin, 2009, glactar le réimse seánraí agus formáidí sa Scéim faoi mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is é an t-aon chineál cláir nach n-áirítear ná cláir a dhéantar don nuacht agus do chúrsaí reatha nó ar féidir catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha mar gheall ar an ábhar nó an bealach ar caitheadh leis an ábhar.

Formáidí Inghlactha:	Cláir Faisnéise; Oideachas; Saothar Beochana; Drámaíocht, agus, Siamsaíocht
Seánraí Inghlactha:	Cláir do Leanaí; Na hEalaíona/An Cultúr; an tSochaí Chomhaimseartha; An Stair/An Oidhreacht; An Eolaíocht/An Dúlra/An Timpeallacht; agus, Litearthacht Aosach/Litearthacht ó thaobh na Meán
Seánraí Eisiata	Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Ní mór d'iarratasóirí an clár (na cláir) atá beartaithe acu a rangú i seánra agus i bhformáid amháin bunaithe ar an maitrís thuas. Bíodh is go bhféadfadh gnéithe a bhaineann le níos mó ná formáid nó seánra amháin a bheith i gceist i roinnt clár, mar shampla i ndrámaíocht faisnéise, ba cheart d'iarratasóirí an ceann is oiriúnaí a roghnú i gcomhthéacs foriomlán an chláir. Is faoin iarratasóir atá sé an fhormáid agus an seánra is oiriúnaí a roghnú. Is féidir coiméidí lena ngabhann script a chur isteach faoin bhformáid Drámaíocht.

Ní mór do thionscadail oideachais na torthaí foghlama don lucht féachana a bhfuil siad ag súil le bhaint amach agus aon ghné oideachasúil den chlár a léiriú Spreagtar d'iarratasóirí tacú lena rogha, más gá, i ndoiciméadú an iarratais.

[1] Is féidir cláir i mBéarla agus i dteanga(cha) eile seachas an Ghaeilge a chatagóiriú mar chláir 'Bhéarla'.

Coimeádann an tÚdarás an ceart iarratais a athrangú le linn an phróisis measúnaithe más é a thuairim, agus bunaithe ar dhoiciméadú an iarratais, go bhfuil an togra níos oiriúnaí do chatagóir eile ó thabh formáid, seánra nó téama de. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Údaráis maidir leis seo.

3.1.5 Cad é an rud é an Ceanglas chun Craoladh a dhéanamh?

Ní mhaoineoidh an tÚdarás ach amháin léiriú clár ar cláir iad a chraolfaidh craoltóir incháilithe. Ag céim an iarratais, ceanglaíonn an tÚdarás ar iarratasóirí litir tiomantais ó chraoltóir a chur ar fáil lena ndeimhnítear comhaontú go gcraolfar an clár ar aon dul le ceanglais an Údaráis.

I gcás gach iarratais, seachas sna cásanna atá leagtha amach thuas. Tá na critéir incháilitheachta maidir le craoltóirí leagtha amach thíos.

- Caithfidh seirbhís de chuid RTÉ nó craoltóir atá ceadúnaithe ag an Údarás na cláir raidió a chraoladh.
- Ní mór cláir theilifíse a chraoladh ar sheirbhís teilifíse in aisce a sholáthraíonn clúdach gar-uilechoiteann sa Stát[2]; nó ar sholáthraí líonra chuí, mar a shainmhínítear in Alt 77(1)[3] den Acht Craolacháin, 2009; nó ar chóras MMD mar chuid de chonradh soláthair lánais pobail faoi Alt 72 den Acht Craolacháin, 2009.

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil formáidí áirithe ann nach ndéantar mórán iarratas ina leith faoin Scéim fós agus, chun iarratais a éascú sna réimsí sin glacfaidh an tÚdarás le hiarratais gan litir tiomantais ó chraoltóir faoi na coinníollacha seo a leanas agus fúthu sin amháin:

(i) Formáid Drámaíochta nó Beochana a chaithfidh a bheith i bhFormáid an chláir; agus
(ii) ní féidir níos mó ná 50% den bhuiséad iomlán incháilithe a bheith sa deontas a iarrtar.

Tabhair faoi deara **go mbeidh** an litir ón gcraoltóir ag teastáil ag céim ghlactha na tairisceana (i.e. laistigh de 3 mhí ón dáta a dhéantar an maoiniú a thairiscint). Tabhair faoi deara go gceanglaíonn an tÚdarás ar iarratasóirí an craoltóir roghnaithe a n-iarrfaidh siad air an clár a chraoladh a chur in iúl ina n-iarratas scríofa. Agus cainéal á roghnú ar BAIonline ba ceart dóibh "Drámaíocht/Beochan le Deimhniú" a roghnú ón liosta anuas Cainéal. Ba cheart sonraí faoi aon phlé a cuireadh ar siúl leis an gcraoltóir sular cuireadh an t-iarratas isteach a sholáthar sa doiciméad iarratais PDF.

I gcásanna nach bhfuil aon litir Craoltóra faoi iamh, coimeádann an tÚdarás an ceart chun iarratais a dhiúltú ag an gcéim réamh-mheasúnaithe i gcás go measann sé an plean airgeadais a bheith neamhiomlán.

Craoladh Buaic-Am Féachana: Ní mór don chraoltóir incháilithe atá bainteach leis an togra gealltanas a thabhairt go gcraolfar na cláir atá beartaithe ag buaic-amanna. Ní mór litir tiomantais sínithe ón gcraoltóir a áireamh i ngach iarratas chun na críche sin, mura bhfuil sí díolmhaithe go sonrach mar atá leaghta amach thuas.

Is iad na buaic-amanna féachana:

Cláir raidió	7 a.m. - 9 p.m.
Cláir theilifíse	6 p.m.- 11.30 p.m.

[2] Sainmhínítear "seirbhís teilifíse in aisce" san Acht mar "seirbhís craolacháin teilifíse nach ngearrann an duine atá ag soláthar na seirbhíse aon mhuirear aon tráth as an gcéanna a ghlacadh agus atá ar fáil do 90 faoin gcéad ar a laghad de dhaonra an Stáit".
[3] Ciallaíonn "líonra cuí" líonra cumarsáide leictreonaí arna sholáthar ag duine ("soláthraí líonra chuí") agus a úsáidtear chun seirbhísí craolacháin a leathadh ar an bpobal nó a tharchur chuig an bpobal.

Tá roinnt clár saor ón gceanglas buaic-ama. Is iad sin:

Cláir do Pháistí	• Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama mura gcraoltar iad ar chainéal tiomnaithe do leanaí. • Sonróidh an tÚdarás buaic-am i leith cainéal den chineál sin ag tagairt d'imthosca ar nós an cineál cainéil agus na cláir a dtacaítear leo. • Eisítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo.
Cláir oideachais (lena n-áirítear cláir a bhaineann le litearthacht aosach/litearthacht ó thaobh na meán ach gan a bheith teoranta do chláir den sórt sin)	• Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama. • Ní áirítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo.
Cláir Ghaeilge agus foirme fada	• Síneann an ceanglas buaic-ama maidir le cláir a chraoltar i nGaeilge (cibé acu cláir raidió nó cláir theilifíse), agus cláir foirme fada ar an teilifís, go dtí meán oíche.

3.1.6 Seirbhísí Rochtana (Teilifís amháin)

Caithfear socrú a dhéanamh maidir le fotheidealú sna cláir mhaoinithe ar fad chun gur féidir le daoine atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu taitneamh a bhaint as cláir theilifíse agus iad a thuiscint. Ba cheart go mbeadh an fotheidealú a chuirtear ar fáil ag teacht le Treoirlínte an Údaráis maidir le Fotheidealú agus ba cheart go mbeadh fotheidil lena ngabhann ar fáil don lucht féachana nó go mbeidís in ann teacht air gach uair a chraoltar an clár maoinithe sa Stát.

Mar an gcéanna, d'fhonn rochtain ar chláir a éascú do dhaoine atá bodhar, a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu, atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu, ní mór go ndéanfadh roinnt clár maoinithe foráil do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) do dhaoine atá bodhar agus/nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu **agus/nó** Clostuairisc do dhaoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu. Chuige sin, **i gcás iarratas ar Dhrámaíocht Teilifíse agus teilifís do leanaí, ní mór go mbeadh craoladh amháin Clostuairisce agus / nó TCÉ ar a laghad san áireamh, agus áirítear na costais lena mbaineann mar chostais incháilithe.** Féadfaidh iarratasóirí ar chláir Drámaíochta agus Leanaí an ghné is mó a oileann dá dtionscadal a roghnú. Meastar gur costas incháilithe é sin agus ba chóir foráil do na costais sin a dhéanamh sa bhuiséad.

Tá maoiniú ar fáil chomh maith d'iarratasóirí ar mian leo Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus/nó seirbhísí Clostuairisce i bhformáid eile (Oideachas, Faisnéis, Siamsaíocht) a sholáthar. **Fáiltíonn an tÚdarás *go mór* roimh iarratais den chineál sin, le TCÉ nó Clostuairisc nó iad araon, agus áirítear na costais lena mbaineann mar chostais incháilithe.**

Beimid **solúbtha** go leor maidir leis na bearta seo. Mar shampla, ceadófar céadchraoladh gan TCÉ i rith buaic-am féachana chomh fada is go bhfuil deimhniú ón gcraoltóir go mbeidh an dara craoladh TCÉ ann, taobh istigh den bhuaic-am féachana nó taobh amuigh de. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar fhotheidil, TCÉ agus Clostuairisc ar láithreán gréasáin an Údaráis anseo: http://www.bai.ie/ga/coid-caighdean/#al-block-1.

3.1.7 An é an craolachán an t-aon slí amháin chun ábhar a mhaoinítear tríd an Scéim a dháileadh?

Is féidir cláir chríochnaithe a mhaoinítear faoi F&F4 a dháileadh trí phictiúrlanna nó ar líne (go hiomlán nó go páirteach) sula ndéanfar iad a chraoladh ar an teilifís nó ar an raidió i.e. na prionsabail 'pictiúrlann ar dtús' nó 'digiteach ar dtús'. Ní cheadóidh BAI céadeisiúint phictiúrlainne nó céadeisiúint dhigiteach ach sa chás gur chomhlíon an t-iarratas an ceanglas arb éard é 'Ceanglas Craoladh a Dhéanamh' de chuid na Scéime mar atá leagtha amach thuas.

Pictiúrlann ar dtús

Ceanglaítear leis an Scéim go gcaithfear an clár closamhairc / na cláir chlosamhairc a chraoladh le linn sceideal buaic-ama an chraoltóra incháilithe chun go mbeidh feidhm ag an bprionsabal 'pictiúrlann ar dtús' laistigh de 12 mhí ón gcéadeisiúint sa phictiúrlann. Mar sin féin, más gnéscannán, clár faisnéise fada, dráma nó beochan é an clár closamhairc, tá BAI toilteanach an craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ón gcéadeisiúint phictiúrlainne.

Digiteach ar dtús

Ceann de phríomhchuspóirí an phrionsabail seo 'digiteach ar dtús' is ea go ndéanfaidh cláir a mhaoinítear faoin Scéim lucht féachana agus éisteachta níos leithne a mhealladh chucu. Ní mór do gach iarratasóir a chuirfidh isteach costas ar 'digiteach ar dtús' a thaispeáint conas mar a chomhlíonfaidh siad an cuspóir sin. Mholfadh BAI ina theannta sin d'iarratasóirí a bheartóidh an prionsabal 'digiteach ar dtús' a úsáid é sin a dhéanamh chun an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a fheabhsú.

Ní mór óstáil aon ábhair a mhaoinítear faoin Scéim a dhéanamh i gcomhaontú leis an gCraoltóir incháilithe. Má dhéantar ábhar a óstáil ar ardáin eile seachas suíomh Gréasáin / seinnteoir an Chraoltóra beidh an tIarratasóir freagrach as aon chostais a bhainfidh le cóipcheart a mbeidh feidhm acu, agus ní féidir iad sin a ghearradh ar an tionscadal. Maidir leis sin de, tá an tIarratasóir agus an Craoltóir a choimisiúnaigh an tionscadal freagrach as costais a bhaineann le cóipcheart. Ní cheadóidh BAI muirir ar aon chostais chóipchirt ar cheart dóibh a bheith íoctha cheana ag an eintiteas coimisiúniúcháin.

I bprionsabal, tá an ghné 'digiteach ar dtús' de thionscadal tánaisteach don chraoladh líneach. Is féidir atheagarthóireacht a dhéanamh ar aon ábhar a chuirfear ar fáil go digiteach ar dtús ach caithfidh sé a bheith i gcomhréir go dlúth leis an gcraoladh líneach agus caithfidh sé cloí le ceanglais F&F4.

Teilifís

Is é an ceanglas maidir leis an eisiúint 'digiteach ar dtús' ná go gcaithfear an clár closamhairc / na cláir chlosamhairc a chur ar fáil go digiteach laistigh de 12 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gcraoltóir. Mar sin féin, más gnéscannán, clár faisnéise fada, dráma nó beochan é an clár closamhairc, tá BAI toilteanach an craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gCraoltóir.

Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh an maoiniú faoi chomhair na gcostas seachadta íseal ós rud é go ndéanfaí an t-ábhar a sholáthrófaí a tháirgeadh, go hiomlán nó go páirteach, mar chuid den chraoladh líneach. Níor cheart, mar chomhartha, go mbeadh na costais chun 'digiteach ar dtús' a sheachadadh níos mó ná 2.5% de bhuiséad an tionscadail. Má lorgaíonn Iarratasóir costais 'digiteach ar dtús', ní mór don Iarratasóir luach ar airgead a thaispeáint agus ceanglófar air nó uirthi tuairisc a thabhairt ar thoradh aon tionscnaimh 'digiteach ar dtús' laistigh de bhliain ó dháta críochnaithe an tionscadail.

Ina theannta sin, caithfidh an tIarratasóir socrú a dhéanamh maidir le Rochtain. Féach leathanach 10 den Treoir seo.

Ní mór an cur chuige i leith an phrionsabail 'digiteach ar dtús' a chomhaontú leis an gCraoltóir incháilithe agus, chun críocha treorach amháin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ann: -

- an clár ar fad nó cuid de a chur ar fáil go digiteach ar dtús e.g. dáileadh réamh-tharchuir trí sheinnteoir teilifíse leithéidí sheinnteoir RTÉ nó mar chlár ar éileamh ar Virgin Media nó ar sholáthraí seirbhíse físe ar éileamh sula n-eisítear mar chraoladh é, nó ar ardáin meán sóisialta agus aipeanna craoltóra
- úsáid a bhaint as 'digiteach ar dtús' chun an clár a chur chun cinn, e.g. le gearrthóga blaisíní ar na meáin shóisialta, úsáid haischlibeanna, scéalta ar instagram, grianghraif a roinnt srl;
- díriú ar sheánraí agus formáidí áirithe, lena n-áirítear beochan, ábhar do leanaí go ginearálta agus ábhar gearrfhoirme i seánraí iomadúla, lena léirítear roghanna agus iompar an lucht féachana agus éisteachta óig go háirithe;
- ábhar breise a chur ar fáil san ábhar sin a bhí beartaithe i gcomhair an táirgthe ach nár úsáideadh sa leagan deiridh e.g. agallaimh níos faide.
- rannpháirtíocht lucht éisteachta a éascú agus a chur chun cinn ar líne trí shuirbhéanna, tuairimí agus comórtais don lucht féachana etc

Raidió

Is é an ceanglas maidir leis an eisiúint 'digiteach ar dtús' ná go gcaithfear an clár fuaime / na cláir fuaime a chur ar fáil go digiteach laistigh de 12 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gcraoltóir.

Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh an maoiniú faoi chomhair na gcostas seachadta íseal ós rud é go ndéanfaí an t-ábhar a sholáthrófaí a tháirgeadh, go hiomlán nó go páirteach, mar chuid den chraoladh líneach. Níor cheart, mar chomhartha, go mbeadh na costais chun 'digiteach ar dtús' a sheachadadh níos mó ná 5% de bhuiséad an tionscadail. Má lorgaíonn Iarratasóir costais 'digiteach ar dtús', ní mór don Iarratasóir luach ar airgead a thaispeáint agus ceanglófar air nó uirthi tuairisc a thabhairt ar thoradh aon tionscnaimh 'digiteach ar dtús' laistigh de bhliain ó dháta críochnaithe an tionscadail.

Ba cheart don Iarratasóir breithniú a dhéanamh leis ar shocrú a dhéanamh maidir le Rochtain

Ní mór an cur chuige i leith an phrionsabail 'digiteach ar dtús' a chomhaontú leis an gCraoltóir incháilithe agus, chun críocha treorach amháin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ann: -

- mar chuid den chlár atáthar a chur ar fáil go digiteach ar dtús m.sh. dáileachán réamhchraolta trí láithreán gréasáin Stáisiún Raidió, ardáin agus aipeanna meáin shóisialta amhail podchraoladh sula ndéantar é a chraoladh;
- ag úsáid 'digiteach ar dtús' chun an clár a chur chun cinn; le gearrthóga blaisíní ar na meáin shóisialta, úsáid haischlibeanna, scéalta ar instagram, grianghraif a roinnt srl;
- díriú ar sheánraí agus formáidí áirithe, lena n-áirítear beochan, ábhar do leanaí agus ábhar gearrfhoirme i seánraí iomadúla, lena léirítear roghanna agus iompar an lucht féachana agus éisteachta óig go háirithe;
- ábhar breise a chur ar fáil san ábhar sin a bhí beartaithe i gcomhair an táirgthe ach nár úsáideadh sa leagan deiridh e.g. agallaimh níos faide;
- rannpháirtíocht lucht éisteachta a éascú agus a chur chun cinn ar líne trí shuirbhéanna, tuairimí agus comórtais don lucht féachana etc.

3.1.8 Cathain is gá dom réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh deacair a dhéanamh/buiséad íseal

Faoi rialacháin an Choimisiúin Eorpaigh (CE) maidir le Státchabhair do scannáin agus do shaothair chlosamhairc eile, is é an cúnamh deontais uasta is incheadaithe ná 50%. Ghlac an CE leis go dtagann na cláir a shonraítear faoin Acht Craolacháin, 2009, go ginearálta, faoi na trí eisceacht ón uasteorainn 50% atá luaite sna treoirlínte ón gCoimisiún. Baineann na heisceachtaí sin le cláir **(i) ar gá dua mór a chaitheamh leo agus iad á ndéanamh, (ii) cláir a bhfuil buiséad íseal acu (nó cláir atá ag feidhmiú in éadan cultúir agus teangacha áirithe a bheith neamhfhorleathan.**

Maidir le hiarratais ar mhaoiniú a chomhlíonann critéir 1-4 de chuid an BAI luaite sa bhosca thíos, ní mór réasúnaíocht a sholáthar iontu san alt i dtaobh "Buiséad Íseal" ar baionline faoin gclár atá beartaithe gur saothar closamhairc é ar gá dua mór a chaitheamh leis agus é á dhéanamh: Cuireann tú an t-eolas seo ar fáil trí 'Ní' a roghnú faoin gcritéar "an gcomhlíonann an togra seo an gcritéar buiséad íseal" ar www.baionline.ie . Agus sin déanta beidh fáil agat ar réimse éigeantach agus is ann a mbeidh ort míniú a thabhairt ar na tréithe togra closamhairc a bhfuil deacair le déanamh a bhaineann leis an gclár molta.

Ní mór d'iarratais nach gcomhlíonann critéir BAI 1-4 uile "Tá" a roghnú don cheist "an gcomhlíonann an togra seo an gcritéar buiséad íseal" ar www.baionline.ie agus ní bheidh aon breis eolais ag teastáil.

1.	**tá na buiséad iomlán os cionn €55,000 (raidió) nó €750,000 (television), agus**
2.	**tá iomlán an chúnaimh deontais a iarrtar os cionn 50% den bhuiséad iomlán, agus**
3.	***níl* na cláir I nGaeilge, agus**
4.	***níl* an clár ag déileáil le saincheisteanna maidir le litearthacht aosach.**

I measc na gcritéar chun cláir ar gá "dua mór" a chaitheamh leo a mheas tá:

- Acmhainní an léiritheora, an chraoltóra nó an togra
- Easpa acmhainneachta tráchtála
- An chaoi nach meallfadh sé lucht féachana suntasach
- Sainiúlacht na dtéamaí teanga, oideachais agus cultúrtha
- An nádúr turgnamhach agus/nó an riosca cruthaitheach a bhaineann leis an gclár

3.1.9 Cad iad na riachtanais a bhaineann le caiteachas réigiúnach ar thionscadail closamhairce?

Iarratais ar Theilifís amháin: Anuas air sin, foráiltear le rialacháin an AE go bhféadfaidh Ballstáit a cheangal go mbeidh íosleibhéal den ghníomhaíocht léiriúcháin ar siúl ina gcuid críche chun cáiliú le cúnamh deontais a fháil. Sa tábla seo a leanas leagtar amach ceanglais an Údaráis maidir leis seo. Ceanglaítear ar iarratasóirí a dheimhniú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas nuair a chuireann siad isteach ar mhaoiniú.

Deontas: Buiséad Iomlán	Caiteachas sa Chríoch
Más lú ná 50% den bhuiséad iomlán deontas an Údaráis, sa chás sin:	Ní mór 160% den chúnamh deontais a bhronntar a chaitheamh i gcríoch Phoblacht na hÉireann. Mar shampla, má bhronntar deontas €30,000 le haghaidh togra lena mbaineann buiséad iomlán €100,000, ní mór €48,000 a chaitheamh i bPoblacht na hÉireann.
Más mó ná 50% den bhuiséad iomlán deontas an Údaráis, sa chás sin:	Ní mór 80% den bhuiséad léiriúcháin iomlán a chaitheamh in Éirinn. Mar shampla, má bhronntar deontas €60,000 le haghaidh togra lena mbaineann buiséad iomlán €100,000, ní mór €80,000 a chaitheamh in Éirinn.

Féadfaidh an tÚdarás, i gcúinsí áirithe, glacadh le céatadán níos ísle caiteachais ná na céatadáin atá leagtha amach thuas, mar shampla, má tá cúiseanna eagarthóireachta inchosanta leis, nó má tá ceanglais an Údaráis i gcoimhlint le ceanglais maoinitheoirí eile. Ceanglaítear ar iarratasóirí réasúnaíocht a sholáthar ag míniú cén fáth a bhfuil céatadán níos ísle caiteachais i gceist sna cásanna sin.

3.1.10 Cad iad na costais incháilithe?

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chláir atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chláir atá i mbun léirithe cheana féin. Níl iarratais ar mhaoiniú d'fhorbairt neamhspleách nó cláir chríochnaithe incháilithe sna babhtaí ginearálta maoinithe.

Is iad na costais amháin is féidir a mhaoiniú faoi S&V4 ná costais incháilithe. Is iad na costais incháilithe na costais a bhaineann le léiriú agus seachadadh an chláir (na gclár) agus, anuas ar chostais léiriúcháin ghinearálta, féadfar costais airgeadais, dhlíthiúla agus bhaincéireachta a chur san áireamh iontu. Is féidir le costais forbartha a bheith incháilithe má tá siad bainteach go díreach le léiriúchán an chláir agus tacaíocht acu ó nótaí buiséid. Ba cheart d'iarratasóirí bunús le gach costas a chur ar fáil ina nótaí buiséid/ miondealú mionsonraithe den bhuiséad a chur ar fáil. Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí, i gcás léirithe idirnáisiúnta, aon chostais a thabhaítear a bhaineann leis an léiriúchán, is cuma cá dtabhaítear na costais go meastar iad a bheith incháilithe i gcomhthéacs na Scéime. Mar sin, ba chóir de phlean buiséid agus airgeadais an iarratasóra na costais sin go léir a chur san áireamh agus ba chóir gealltanas maoiniú ábhartha lena haghaidh a bheith léirithe a dhóthain san iarratas le bheith slán.

Is iad na costais neamh-incháilithe costais a bhaineann le léiriú agus le seachadadh ach nach mbaineann go díreach le déanamh ná le seachadadh na gclár. Samplaí de chostais neamh-incháilithe iad costais dímheasa, costais ghinearálta a bhaineann le láithreán gréasáin agus costais oiliúna[4].

I bhformhór na gcásanna is costais neamh-incháilithe iad costais chaipitil. Sa chás gur grúpa pobail atá ag gabháil do léiriú clár an t-iarratasóir, áfach, d'fhéadfadh roinnt costas caipitil a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil. Sna cásanna sin, ní mór d'iarratasóirí réasúnaíocht iomlán a chur ar fáil ag míniú cén fáth a bhfuil na costais chaipitil sin riachtanach agus trí luachan a sholáthar chun trealamh den sórt sin a fháil. Déanfar iad seo a mheas cás ar chás agus soláthróidh an tÚdarás 80% ar a mhéad de chostais chaipitil den chineál sin.

Is féidir suas le 95% de na costais a bhaineann leis an mbuiséad incháilithe a mhaoiniú faoin Scéim. Mar gheall ar an éileamh fhoriomlán atá ar mhaoiniú Scéime, cuirtear de chomhairle ar iarratasóirí ar thionscadail AV gurb é an uasmhéid tháscach d'iarratas ar mhaoiniú ná €500,000 agus tá seans maith gur eisceachtaí a bheidh i ndeontais den mhéid sin seachas na gnáthmhéideanna maoinithe a bhronnfar. Ba cheart d'iarratasóirí féachaint ar an maitrís maoinithe mar atá leagtha amach thíos chun faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi na méideanna is féidir a lorg i gcomhair tograí aonair.

[4] Is éard a bheadh san oiliúint ghinearálta ná oiliúint nach mbaineann go díreach leis an léiriuchán. Mar sin féin, d'fhéadfadh costais oiliúna a bhaineann go díreach leis an léiriúchán a bheith inghlactha, mar shampla, breisoiliúint an oiliúnaí atá ag obair ar an léiriú srl. Ba cheart aon oiliúint den sórt sin a nascadh leis an gcuid "Forbart Scileanna/Tallaine" de d'iarratas. Moltar freisin nóta buiséid ar aon oiliúint dá leithéid."

Cláir Raidió

Íosmhéid an deontais	Uasmhéid an deontais	Ní bheidh an deontas a bhronnfar os cionn an chéatadáin seo a leanas den bhuiséad iomlán *incháilithe*
	€20,000	Suas le 95%
€20,001	€40,000	Suas le 90%
€40,001	€55,000	Suas le 85%
Os cionn €55,001		Déanfar iad sin a chaibidliú cás ar chás ach ní bheidh siad os cionn 85%.

Cláir theilifíse, lena n-áirítear scannáin

Íosmhéid an deontais	Uasmhéid an deontais	Ní bheidh an deontas a bhronnfar os cionn an chéatadáin seo a leanas den bhuiséad iomlán *incháilithe*
	€50,000	Up to 95%
€50,001	€250,000	Up to 90%
€250,001	€500,000	Up to 85%

3.1.11 Tús a chur leis an léiriú

Tabhair faoi deara, nuair a bhíonn an t-iarratas curtha isteach, agus nuair a bhíonn an babhta dúnta agus an próiseas measúnú ar bun, gur féidir tús a chur leis an léiriú ach is ar phriacal an iarratasóra féin a dhéanfar é sin.

3.2 An Chéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe sa Chéim Réamh-Mheasúnaithe Meastóireachta, tá an t-iarratas incháilithe le breithniú chun maoiniú a dhámhachtain. Is é an chéad chéim eile an Chéim Meastóireachta Cáilíochtúil ina ndéantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntais féin i gcomhthéacs chuspóirí na scéime agus na gcritéar cáilíochtúil réamhshocraithe. Tá an Maitrís Scórála Meastóireachta Cáilíochtúil leagtha amach in Aguisín 2 mar eolas agus mar thagairt.

Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach ceann de na critéir seo chun cáiliú le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe:

Critéir:

- *Chomh maith leis sin, Luach Cultúir & Nuálaíocht*
- *Acmhainní/Cás a rinneadh ar son maoinithe*
- *Caighdeán an Iarratais*

3.3 An Chéim Mheasúnaithe Straitéisigh

I gcásanna ina bhfuil líon na n-iarratas incháilithe níos mó ná na cistí atá ar fáil, beidh céim meastóireachta eile ag an Údarás. Beidh an chéim seo dírithe ar chothromaíocht a bhaint amach maidir le pacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Déanfar na moltaí don chéim cháilíochtúil a bhreithniú anseo freisin. Déantar na moltaí deiridh a chur faoi bhráid an Údaráis ansin lena ndaingniú. Is mar seo a leanas atá na critéir mheasúnaithe le haghaidh na céime seo:

Critéir:

- Éagsúlacht an ábhair, agus tagairt á déanamh do sheánraí, d'fhormáidí, d'ábhar agus don lucht féachana
- An Ghaeilge
- Forbairt tallainne agus scileanna
- Mná i bpríomhról cruthaitheach
- An Scór measúnaithe cháilíochtúil iomlán

Tá an Creatlach Scórála Mheasúnaithe ar fáil in Aguisín 3.

3.4 Údarás

Is é an tÚdarás a dhéanann na cinntí deiridh faoi na hiarratais sa chéim deiridh, agus na moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin á mbreithniú. I ndiaidh daingnithe, tabharfaidh stádas iarratais BAIonline maidir le haon iarratas molta le fios é mar "Rathúil".

3.5 An Próiseas Cinnteoireachta

Seo a leanas na próisis ar fad a leanfar agus measúnú á dhéanamh ag an mBAI ar iarratais maidir lena n-incháilitheacht do mhaoiniú a fháil:

3.5.1 Déanfar measúnacht tosaigh ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na scéime lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra agus go bhfuil an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonfaidh aon cheann faoi leith de na critéir liostaithe agus eisiafar é nó í ón bpróiseas iarratais (féach Aguisín 1). Déanfaidh foireann BAI seiceáil ar aon choinbhleachtaí leasa ionchasacha leis na measúnóirí sula ndéanfar aon iarratais a dháileadh ar an gcéad chéim eile den mheasúnú.

3.5.2 Ansin déantar na hiarratais incháilithe a eagrú ina ngrúpaí. Féadfaidh na grúpálacha a bheith i gcomhréir leis an gcineál togra (Raidió nó Teilifís); formáid; seánra; an méid a iarrtar agus mar sin de agus a shannadh do Phainéal Measúnúcháin Cháilíochtúil

Beidh baill foirne de chuid BAI agus measúnóirí seachtracha ar an bPainéal agus i bhfoirmiú gach Painéil, cuirfidh BAI san áireamh scileanna cuí agus taithí chuí a theastaíonn chun na tionscadail a mheas. Déanann gach ball seachtrach den Phainéal gach iarratas a mheas go neamhspleách agus ansin tionóltar cruinniú chun gach iarratas a phlé. Socróidh an painéal ar scór i gcomhair gach iarratais agus socrófar ar liosta de na moltaí maoiniúcháin. Ansin scaipfidh an Fheidhmeannacht dréacht de na hábhair ar ar socraíodh ar gach ball den phainéal lena mbreithniú agus lena gceadú. Ar na cruinnithe measúnúcháin painéil go léir a chríochnú, lena n-áirítear ainm a chur le doiciméadacht an chruinnithe measúnúcháin, tiomsaítear liosta iomlán na moltaí maoiniúcháin. Más mó an méid maoiniúcháin a mholtar ná an méid atá ar fáil don bhabhta, beidh céim mheasúnaithe straitéisigh ag teastáil.

3.5.3 Tá Painéal Measúnú Straitéiseach curtha ar bun ar a bhfuil comhaltaí sinsearacha de lucht bainistíochta BAI agus baill foirne atá páirteach i reáchtáil bhabhta F&F4. Déanann an fóram seo breithniú i dteannta a

chéile ar scóir na Céime Measúnaithe Cháilíochtúil, ar mholtaí an Phainéil agus ar na critéir straitéiseacha. Tá sé d'oibleagáid ar BAI cothromaíocht ábhair a bhaint amach a éascóidh an meascán is fearr d'fhormáidí, de sheánraí, de theanga agus de lucht féachana agus éisteachta ar bhonn na n-iarratas arna bhfáil i gcomhair an bhabhta. Is ar na hiarratais is mó a mheastar a gcomhlíonann spriocanna agus cuspóirí na Scéime a bhronnfar na marcanna is airde agus mar sin is orthu a dhámhfar maoiniú. Déantar na moltaí deiridh a chur faoi bhráid an Údaráis ansin lena ndaingniú.

3.5.4 Is é an tÚdarás a dhéanann na cinntí deiridh faoi na hiarratais sa chéim deiridh, agus na moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin á mbreithniú.

3.6 Cinntí Maoinithe

Iarratais rathúla

I gcás ina gceadóidh an tÚdarás iarratas ar mhaoiniú, déanfar na bearta seo a leanas:

- Cuireann an tÚdarás an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint á leagan amach aige.
- Foilsíonn an tÚdarás liosta de na tairiscintí maoinithe arna ndaingniú ag an Údarás.
- Ní mór don iarratasóir rathúil a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll/coinníollacha a cheanglaíonn an tÚdarás léi.
- Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil socrú conartha a dhéanamh leis an Údarás, ar théarmaí a shonróidh an tÚdarás. I measc na dtéarmaí sin tá sceideal a bhaineann le tarraingt anuas na gcistí ag iarratasóir. Riarann an tÚdarás cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe conartha.
- Beidh rochtain ag an Iarratasóir agus ag príomhtheagmhálaí an Chonraitheora ar thaifead an Chonraitheora a chruthófar ar baionline.

Iarratais nach n-éiríonn leo

I gcás ina bhfuil an tÚdarás tar éis diúltú d'iarratas ar mhaoiniú, cuirtear iarratasóirí ar an eolas ar bhonn aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi fheidhmíocht a n-iarratas sa phróiseas measúnaithe. Tabharfaidh stádas iarratais BAIonline le fios ag cén chéim ar dhiúltaítear d'iarratas:

- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Réamh-Mheastóireacht tabharfaidh stádas iarratais BAIonline le fios é mar 'Diúltaithe – Réamh-Mheastóireacht' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Measúnú Cáilíochtúil tabharfaidh stádas iarratais BAIonline le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 1' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Measúnú Straitéiseach tabharfaidh stádas iarratais BAIonline le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.

3.7 Conraitheoireacht

Agus iad i mbun conraitheoireachta leis an Údarás iarrfar ar iarratasóir rathúil roinnt nithe inseachadta a sholáthar don Údarás. Tá liosta ar fáil thíos de na nithe a bheadh ag teastáil le linn conraitheoireachta cé nach liosta cuimsitheach é. Tabhair faoi deara nach gcaithfidh na doiciméid seo a bheith réidh nuair atá an t-iarratas á dhéanamh, is chun treoir amháin a thabhairt duit atá siad áirithe anseo.

1. Buiséad & Plean Airgeadais
2. Cóiriú
3. Sonraí faoin gClár agus faoi Dheontais
4. Polasaí Árachais
5. Litir Deimhnithe ón gCraoltóir
6. Litir ón mBanc ábhartha á rá nach ndéanfar Frithláireamh
7. Faisnéis Imréitigh Cánach

3.8 Séanadh

Ní hionann an fhaisnéis atá ar fáil sa doiciméad seo agus cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim. Níor cheart a mheas gur ráiteas iomlán nó údarásach faoin dlí é.

Ní mór do na daoine a gcuirtear an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a ghlacadh agus cibé fiosruithe breise a dhéanamh, a mheasann siad is gá maidir le gach ní ábhartha. Ní dhéanann an tÚdarás aon uiríoll is ní thugann sé aon bharánta, sainráite nó intuigthe, maidir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad seo nó maidir le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a tugadh nó a thabharfar d'aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla nó dá comhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas i ndáil leis sin.

4. An Fhoirm Iarratai

Sa chuid seo den doiciméad, mínítear na gnéithe ar leith atá san Fhoirm Iarratais Oifigiúil agus leagtar amach an fhaisnéis a éilíonn an tÚdarás faoi gach gné. Ba cheart an chuid seo den Treoir a léamh in éineacht leis an bhFoirm Iarratais atá ar fáil ó www.bai.ie agus BAIonline. Maidir le hiarratasóirí nach ndéanann **gach** cuid éigeantach den Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus na doiciméid éigeantacha **go léir** a sholáthar **san fhormáid cheart** diúltófar iad ag céim na réamh-mheastóireachta. Sa tábla thíos léirítear na nithe atá éigeantach i gcás gach cineál iarratais.

Ní mór na hábhair atá achoimrithe thíos a ionchorprú isteach i gcáipéis PDF amháin.
Ní chóir go mbeadh aon naisc do cháipéisíocht seachtrach san áireamh ach amháin i gcás samplaí beochana. Mholtar gan cáipéisí a bheith leabaithe i gcorp an iarratais ar eagla nach mbeidh rochtana ag BAI air nó nach mbeidh sé inléite don BAI.

#	Ábhar na Foirme Iarratais	Éigeantach
1	Sonraíocht an Chláir, lena n-áirítear Cóiriú	Gach iarratas
2	Buiséad	Gach iarratas
3	Nótaí leis an mBuiséad agus/ nó Buiséad Mionsonraithe	Gach iarratas*
4	Plean Airgeadais, lena n-áirítear Caiteachas sa Chríoch	Gach iarratas
5	Litir Tiomantais ó Chraoltóir	Gach iarratas**
6	Má tá sé beartaithe an prionsabal 'Digiteach ar dTús' a úsáid, ba cheart go n-áireofaí sa litir ghealltanais ón gCraoltóir incháilithe dearbhú ar an gcur chuige comhaontaithe maidir le hábhar a chruthú don ghné 'digiteach ar dtús' den togra	I gcás gach iarratais má tá an prionsabal á úsáid
7	Litir (Litreacha) Tiomantais ó Mhaoinitheoirí eile	Moltar iad a thabhairt ach níl siad éigeantach***
8	CVanna agus Litreacha Tiomantais ó Phearsanra/Daoine Cruthaitheacha/Rannpháirtithe Lárnacha	Gach iarratas
9	Oird Reatha Tháscacha	Éigeantach i gcás iarratais raidió, seachas drámaí le scripteanna agus molta le haghaudh iarratais Teilifíse
10	Scripteanna	Iarratais ar Dhrámaíocht
11	Samplaí de Shaothair Bheochana	Iarratais ar shaothair bheochana agus sin amháin

**moltar nótaí buiséid le haghaidh gach iarratas agus tá siad riachtanach do thionscadail Raidió, teastaíonn buiséad mionsonraithe le haghaidh gach tionscadal teilifíse.*
***féach cuid 3.1.5 le haghaidh eisceachtaí áirithe*
****léigh alt 4.6 más é do thoil é chun eolas a fháil ar an tairseach inghlactha*

Níor cheart míreanna nach bhfuil sa liosta thuas, mar shampla spóil taispeántais agus ábhar poiblíochta, a áireamh san iarratas go hiondúil. Má sholáthraíonn iarratasóirí ábhar tacaíochta breise san Fhoirm Iarratais is dóigh leo a bheith fíor-riachtanach ó thaobh a gcuid tograí a mheasúnú, ní mór dóibh an réasúnaíocht atá acu faoin méid sin a chur ar fáil. Áirítear leis sin naisc le saothair ealaíne bheochana atá á stóráil ar an idirlíon (féach cuid 11 den Fhoirm Iarratais). Forchoimeádann an tÚdarás an ceart gan breathnú ar aon ábhar nár cuireadh isteach ar an bhFoirm Ar Líne ná ar an bhFoirm Iarratais agus gan measúnú a dhéanamh air.

Ní mór gach ábhar atá luaite sa tábla thuas #1-10 a bheith ionchorpraithe sa doiciméid iarratais, ní ghlacfar le naisc go cáipéisí seachtracha.

4.1 Sonraíocht Chláir

Bain leas as an gcuid seo den fhoirm iarratais lena chur in iúl do mheasúnóirí an Údaráis cad atá i gceist le do chlár. Comhlíon gach cuid den fhoirm de réir na dtreoracha a thugtar inti. Tabhair na príomhshonraí a bhaineann le do thogra sa chéad chuid. Sa dara cuid, mínigh an smaoineamh atá agat do do chlár i gcúpla líne san achoimre agus leag amach níos mó sonraí faoi Ábhar an Chláir ansin. Ba cheart an cur chuige insinte a bheidh agat agus an cur chuige fuaime nó closamhairc a áireamh anseo. Níor cheart Sonraíocht Chláir a úsáid chun faisnéis chúlra i dtaobh an ábhair a thabhairt agus chun na críche sin amháin; ní mór duit a mhíniú conas a dhéileálfaidh do chlár leis an ábhar. Mar shampla, cén cur chuige taifeadadh agus eagarthóireachta a bheidh i bhfeidhm agus cén cineál cuma a bheidh ar an clár/conas a bhfuaimneoidh sé? Tabhair faoi deara, má dhéantar maoiniú a thairiscint duit, iarrfar ort cóiriú a sholáthar lena áireamh i do chonradh leis an Údarás ar an maoiniú. Is ionann an cóiriú agus an dara cuid de Shonraíocht an Chláir. B'fhéidir go mbeidh ort é seo a leasú chun críocha an chonartha.

4.2 Buiséad

Tá teimpléad buiséid amháin san Fhoirm Iarratais do thograí raidió agus ceann eile do thograí teilifíse. Tá an dá theimpléad buiséid roinnte in dhá chuid - na costais incháilithe agus na costais neamh-incháilithe (féach Cuid 3.1.9 chun sainmhínithe agus samplaí a fheiceáil). Tá míreanna faoi leith curtha i gcatagóirí éagsúla faoi fho-cheannteidil sna codanna sin. Ní mór teimpléad buiséid comhlánaithe dá dtogra a bheith i ngach iarratas ina n-úsáidtear an catagóiriú agus an miondealú atá ann cheana. Féach ar cheanglais an Údaráis maidir le buiséid thíos.

An Teimpléad a Chomhlánú

I gcás iarratais teilifíse ní mór na figiúirí iomlána le haghaidh gach mír ábhartha faoi leith a sholáthar sa bhuiséad. Bain úsáid as an gcuid "Nótaí leis an mBuiséad agus/nó Buiséad Mionsonraithe" chun miondealú a thabhairt ar na figiúirí sin, go háirithe má tá tú ag cur isteach figiúirí sna míreanna faoi leith faoin gceannteideal "Eile".

I gcás iarratais raidió ní mór costas gach míre sa bhuiséad a thabhairt mar aon le míniú iomlán ar an gcaoi a bhfuarthas an figiúr sin. Ba cheart é sin a leagan amach trí thagairt a dhéanamh don Chur Síos ar an Aonad, Líon agus don Ráta ábhartha. Más rud é go mbeidh costais i gceist i do thogra nach bhfuil liostaithe sa teimpléad, bain úsáid as an mír "Eile" agus tabhair na mínithe is gá sna Nótaí leis an mBuiséad. I gcás costais foirne agus léiriúcháin, ba cheart ráta laethúil a sholáthar má tá níos lú ná seachtain amháin i gceist. Níor cheart ráta in aghaidh na huaire a chur ar fáil ach amháin sa chás go bhfuil níos lú ná lá amháin ag teastáil. Féach thíos mír líne samplach comhlánaithe i gcás go bhfuil léiritheoir ag leagan amach buiséid dá chuid ama i laethanta. Is é an t-iomlán dá bhrí sin oiread na laethanta le ráta an léiritheora:

Uimh.	Pearsanra	Cur síos ar an Aonad	Líon	Ráta	Iomlán
1	Léiritheoir	Lá	x	€xxx	= líon x ráta

CBL
Ní mór míreanna faoi leith sa Bhuiséad a chur isteach gan CBL a áireamh ach amháin más rud é **nach bhfuil an t-iarratasóir cláraithe** le haghaidh CBL. Ceanglaíonn an tÚdarás ar iarratasóirí rathúla deimhniú a sholáthar ó na Coimisinéirí Ioncaim ag amanna cuí nach bhfuil aon athrú tagtha ar a stádas maidir le CBL.

Airgeadra
Ní mór an buiséad a chur i láthair san airgeadra sin trína maoineofar an chuid is mó den léiriú. Más rud é nach mbeidh an léiriú á mhaoiniú go príomha in Euro nó i Steirling, ba cheart buiséad Euro a chur ar fáil chomh maith. Déanfar conarthaí a thabhairt chun críche agus a shíniú bunaithe ar íocaíochtaí táscacha Euro. Míneofar é seo a thuilleadh le linn idirbheartaíochta faoin gconradh.

Taisteal agus Cothú
Ba cheart go mbeadh costais chothabhála de réir rátaí is déanaí na Státseirbhíse – ciorclán mar seo a leanas:
Cothabháil: https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2017/06.pdf
Rátaí taistil mótair: https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2017/05.pdf

Forchostais agus Táille Léiriúcháin / Theagmhais
Ríomh forchostais mar chéatadán de na costais incháilithe. Go hiondúil, ba cheart go mbeadh sé seo suas le 5%. Seo ranníocaíocht i dtreo forchostais lena mbaineann a thabhaíonn an léiritheoir i rith an léiriúcháin.

Féadfar táille léiriúchán nó theagmhais a áireamh sa bhuiséad agus ríomhtar é mar chéatadán de na costais incháilithe. Socraítear an táille léiriúcán nó theagmhais faoi threoir tosca ar nós chastacht, fhad agus scála an táirgthe agus aithnítear léi go bhféadfadh athruithe teacht ar riachtanais airgeadais a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn tháirgeadh an chláir. Is ionann sin i gcoitinne agus 10% ar a mhéad; ach is féidir é sin a chaibidil ar bhonn cás ar chás.

Cuntais
Ní mór socrú a dhéanamh sa bhuiséad maidir leis an gcostas a bhaineann le tuarascáil-cuntasóra ar an togra faoin gcaighdeán M45 - Deontas a Éileamh i.e. duine cáilithe a fhostú chun ráiteas costais deiridh a scrúdú agus a ainm nó a hainm a chur leis etc.[5] Féach ar do leathanach baile ar BAIonline chun treoir a fháil faoin gcaighdeán M45 maidir le Deontas a Éileamh.

Cartlannú agus Fotheidealú (Seachadadh an Údaráis)
Cuirfidh an tÚdarás gach clár a gheobhaidh maoiniú faoin Scéim i gcartlann; ba chóir socrú a dhéanamh don chostas sin. Beidh cóip dlúthdhiosca amháin den chlár de dhíth le haghaidh clár raidió. I gcás Teilifís – DVD amháin mar aon le AS-11 .mxf cóip dhigiteach den chlár le comhad fotheidealú .stl cuí agus comhad DPP meiteashonraí .xml a chuirfear isteach ar iompróir oiriúnach le haghaidh gach clár teilifíse. **Tabhair faoi deara, mura bhfuil sé comhaontaithe ar chuma eile i bhfoirm scríofa, beidh sé d'iallach ar gach teilifís maoinithe ábhar cláir a chur isteach de réir an mhéid thuas.** Moltar foráil chuí i gcomhair na gcostas seo a chuimsiú i mbuiséad an iarratais. Tabharfar cuntas ar riachtanais sonraithe do mhíreanna teilifíse digití, mar shampla, prótacal ainmnithe, sula ndéanfaidh tú conradh leis an Údarás.

[5] Ceanglaítear le rialacha an Choimisiúin Eorpaigh go ndéanfar athbhreithniú foirmiúil ar gach togra lena chinntiú go gcomhlíonfar Doiciméad na Scéime agus rialacha an CE maidir le Státchabhair.

Ní mór cláir theilifíse a chraoladh agus fáil a bheith ar fotheidealú. Ní mór socrú a dhéanamh d'fhotheidealú sa bhuiséad. Measann an tÚdarás gur costais incháilithe léiriúcháin iad fotheidealú agus soláthar seirbhísí rochtana eile. Déan cinnte go gcuimseoidh tú seachadadh an chomhaid .stl agus aon chomhaid digiteacha rochtana ábhartha a chaithfear a chur isteach leis an gcóip AS11 digiteach den chlár sa bhuiséad. Maidir le cláir nach bhfuil i mBéarla, beidh comhad .stl den aistriúchán Béarla de dhíth freisin.

Beidh na ceanglais a bhaineann le seachadadh don Údarás leagtha amach sa chonradh maoinithe i dtaca le cláir theilifíse ina gcuimsítear seirbhísí rochtana i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus/nó Clostuairisc. Tabhair faoi deara go bhfuil riachtanas éigeantach ag cláir Drámaíochta agus Leanaí i gcomhair TCÉ agus/nó Clostuairisc. Ba cheart go mbeadh an comhad ábhartha le clostuairisc nó TCÉ sna comhaid digiteacha AS-11.

4.3 Nótaí leis an mBuiséad agus/nó Buiséad Mionsonraithe

Tá an chuid seo éigeantach. Déanfar iarratais nach bhfuil Nótaí leis an mBuiséad agus/nó Buiséad Mionsonraithe ag dul leo a dhícháiliú sa chéad chéim den mheasúnú.

Ní mór nótaí leis an mbuiséad a áireamh i ngach iarratas raidió. Moltar go gcuirfí nótaí buiséid ar fáil le gach tionscadal teilifíse; ní mór nótaí buiséid agus/nó buiséad níos mionsonraithe a áireamh in iarratais theilifíse. Ní mór an buiséad mionsonraithe a bheith leagtha amach sa chaoi gur féidir tagairt a dhéanamh go héasca do theimpléad an bhuiséid. Bain úsáid as an gcolún "Leathanach/Tag" i dteimpléad an bhuiséid chun é sin a dhéanamh.

Bain leas as na nótaí leis an mBuiséad chun a mhíniú conas a bhainfidh tú amach an clár a bhfuil cur síos air faoin gcóiriú agus leas á bhaint as na hacmhainní atá liostaithe sa bhuiséad. Ba cheart go nascfadh na nótaí leis na codanna seo den iarratas don mheasúnóir. Ní mór d'iarratasóirí údar maith a thabhairt leis an am, na rátaí agus costais na míreanna líne sa chuid seo. Ba cheart miondealú a sholáthar sna nótaí ar aon chostais atá 'cnuasaithe' sa bhuiséad, m.sh. taisteal agus cothú, agus ba cheart a mhíniú iontu cén fáth a bhfuil línte costais áirithe riachtanach agus údar maith leo i gcomhthéacs an chláir atá beartaithe. Tabhair le fios go soiléir na cásanna ina mbeidh níos mó ná ról amháin ag an duine céanna, agus, más rud é go bhfuil rátaí difriúla beartaithe, ní mór údar a thabhairt leis sna nótaí sin. Ba cheart d'iarratasóirí achoimre a thabhairt freisin ar na míreanna atá curtha san áireamh sna forchostais agus nóta mínithe a thabhairt faoin táille léiriúcháin má tá ceann áirithe agat.

Sa chás gur grúpa pobail atá ag gabháil do léiriú clár an t-iarratasóir, d'fhéadfadh roinnt costas caipitil a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil. Má tá maoiniú ar chostais chaipitil á iarraidh, tabhair réasúnaíocht sna nótaí leis an mbuiséad i leith na gcostas sin. Tabhair faoi deara, féadfar 80% ar a mhéad de chostais chaipitil a mhaoiniú faoin deontas.

4.4 Plean Airgeadais

Ní mór an plean airgeadais a chur i láthair san airgeadra sin ina mbeidh an chuid is mó den léiriú á mhaoiniú. Más rud é nach mbeidh an léiriú á mhaoiniú go príomha in Euro nó i Steirling, ní mór buiséad Euro a chur ar fáil chomh maith.

Tabhair ainmneacha maoinitheoirí uile an togra faoin gceannteideal incháilithe agus/nó neamh-incháilithe ar an bplean airgeadais, de réir mar is cuí. Is féidir leis an iarratasóir a bheith ina mhaoinitheoir ar an togra. Luaigh go soiléir méid iomlán an mhaoinithe atá á lorg agat ón Scéim agus ríomh é mar chéatadán de na Costais Incháilithe. Ba cheart go léireodh an tsuim iomlán atá luaite sa phlean airgeadais an méid iomlán atá sa bhuiséad. Ní féidir níos mó ná 95% de na costais incháilithe a mhaoiniú faoin Scéim agus ní féidir í a úsáid chun aon cheann de na costais neamh-incháilithe a mhaoiniú. Níl an 95% sin ar fáil ach amháin i gcás na dtograí raidió sin a bhfuil buiséad iomlán incháilithe cothrom le/níos lú ná €20,000 acu agus i gcás tograí teilifíse a bhfuil buiséad iomlán incháilithe cothrom le/níos lú ná €50,000 acu. Féach Cuid 3.1.8 thuas chun sonraí na maitrísí maoinithe atá i bhfeidhm a fheiceáil.

Iarratasóirí Teilifíse amháin: Sa tábla Caiteachas sa Chríoch, deimhníonn iarratasóirí go gcaithfear íoschéatadán áirithe den bhuiséad iomlán nó deontas i gcríoch ar leith. Bíonn éagsúlachtaí i gceist sa chaiteachas mar chéatadán agus sa chríoch ag brath ar cibé acu an bhfuil an deontas os cionn 50% den bhuiséad iomlán nó faoina bhun. Comhlánaigh an tábla de réir na dtreoracha san Fhoirm Iarratais. Féach Cuid 3.1.9 le haghaidh sonraí.

4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir

Ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh i gcás litreacha tiomantais ó chraoltóir:

- Ní mór í a bheith scríofa ar pháipéar ceannteidil an chraoltóra, í a bheith dátaithe le déanaí, agus sínithe ag an gcraoltóir;
- Caithfidh tagairt a bheith inti don teideal atá ar thogra an iarratasóra;
- Ba cheart a léiriú inti an cainéal ar a gcraolfar an clár;
- Ní mór gealltanas a bheith inti go gcraolfar an clár nó an tsraith ag buaic-amanna (féach Cuid 3.1.5 chun sainmhíniú a fháil ar bhuaic-amanna);
- Ba cheart gealltanas a bheith inti go ndéanfar an clár nó an tsraith a chraoladh mar aon leis na seirbhísí rochtana ábhartha e.g. fotheidealú (i gcás cláir theilifíse);
- I gcás clár a bheidh á gcur ar fáil i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus/nó seirbhísí Clostuairisce, ba cheart don chraoltóir tiomantas a thabhairt ar chraoladh amháin den leagan seo taobh istigh de bhliain amháin ón gcéad chraoladh.
- Ba cheart aon ghealltanas airgeadais atá le cur ar fáil ag an gcraoltóir, más infheidhme, a dheimhniú inti; agus,
- Ba cheart a dheimhniú inti go bhfuil an craoltóir incháilithe faoin Scéim (féach Cuid 3.1.5 le fáil amach faoi incháilitheacht craoltóirí).

Mar atá leagtha amach i gcuid 3.1.5, i gcúinsí **áirithe** d'fhéadfadh sé nach mbeadh litir tiomantais ón gcraoltóir ag teastáil ag céim an iarratais. **Maidir le hiarratais nach bhfuil litir ón gcraoltóir ar áireamh iontu, ní mór a chur in iúl cén cineál craoltóra atá beartaithe don chlár.**

Coinníonn an BAI an ceart iarratais a dhiúltú ag an staid réamh-mheasúnaithe maidir le gach formáid chláir eile, sna cásanna nach bhfuil aon litir Craoltóra ináirithe a leagann amach na coinníollacha riachtanacha atá liostaithe thuas.

4.6 Litir (Litreacha) Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile

Más rud é go bhfuil sé ar intinn ag páirtithe eile seachas an tÚdarás, an craoltóir agus an t-iarratasóir maoiniú a sholáthar le haghaidh an togra, ba cheart litreacha tiomantais ina leith sin a áireamh san iarratas.

Ba chóir go léireodh iarratais go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú a theastaíonn chun an tionscadal a dhéanamh daingnithe, féach thíos na treoirlínte ar litreacha maoinithe agus cad atá ag teastáil chun a léiriú go bhfuil maoiniú "slánaithe".

Mura léirítear go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú urraithe ag an am a chuirtear an t-iarratas isteach, forchoimeádann an BAI an ceart an tionscadal a lascainiú ón bpróiseas iarratais.

Chun críocha cistiú urraithe a ríomh, féadfaidh iarratasóirí an méid a iarrtar ón BAI a chomhaireamh mar rud atá urraithe.

<u>Treoracha le haghaidh litreacha maoinithe</u>:

- Ba cheart litreacha maoinithe a bheith ar pháipéar ceannteidil
- Ba chóir a léiriú go leordhóthanach go mbeidh an litir tacaíochta bailí go dtí go mbeidh an Babhta daingnithe ag an BAI
- Go ginearálta is ba chóir go mbeadh litreacha maoinithe sínithe agus dátaithe laistigh de thrí mhí ó spriocdháta an bhabhta ábhartha.
- Ba cheart a ainm an togra a lua sa litir, agus deimhniú a thabhairt (i) faoin méid tacaíochta atá á cur ar fáil, (ii) cathain a chuirfear an tacaíocht ar fáil (iii)agus/nó aon choinníollacha a ghabhann leis an tacaíocht sin.
- Má tá maoiniú á chur ar fáil ag an gcraoltóir tacaíochta ba chóir an maoiniú seo a ghealladh sa litir tacaíochta ón gcraoltóir.
- Níl litreacha maoinithe éigeantach ach in éagmais a leithéid de chomhfhreagras forchoimeádann an tÚdarás an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil an tacaíocht sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe in áit eile san iarratas.
- Muna léirítear go bhuil méid suntasach maoinithe deimhnithe mar mhaoiniú urraithe.(níós mó ná 15% de na costais incháilithe)féadfaidh go mbainfear d'iarratas den phróiseasiarratais
- Ní ghlacfar le doiciméadú mar dhréacht/gan síniú ó mhaoinitheoirí mar fhianaise tacaíochta.
- Ní mheastar gurb ionann deimhniú maoinithe a fuarthas roimhe seo ó eagraíocht ar nós maoiniú forbartha, mar dheimhniú ar mhaoiniú léiriúcháin amach anseo ón eagraíocht sin.
- Ní mheastar ach go bhfuil litreacha ó mhaoinitheoirí ionchasacha ag dearbhú go bhfuil iarratasóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar dheimhniú leordhóthanach ar mhaoiniú.

4.7 CVanna agus Litreacha Tiomantais ó Phearsanra Lárnach

Tá an fhaisnéis seo éigeantach le haghaidh pearsanra lárnach. Is féidir CV a bheith i bhfoirm próifíle nó beathaisnéise má oireann sé sin don iarratas. B'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh litreacha nó ríomhphoist tiomantais ó phearsanra lárnach a sholáthar freisin i gcás go bhféadfaí a bheith den tuairim gur deacair iad a fháil mar rannpháirtithe.

Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú. Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar BAIOnline

4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha

Ba cheart litreacha Tiomantais ó Dhaoine Cruthaitheacha Lárnacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha a chur isteach freisin más cuí. Moltar d'iarratasóirí litreacha tiomantais a sheoladh isteach ó Dhaoine Cruthaitheacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha atá riachtanach chun an togra a sholáthar agus/nó a bhfuil sé deacair deimhniú a thabhairt ina leith.

Ba cheart go mbeadh an t-ábhar sin ar aon dul leis an ábhar atá liostaithe i Sonraíocht an Chláir atá leagtha amach i d'iarratas. Tabhair faoi deara in éagmais a leithéid de chomhfhreagras go bhforchoimeádann an tÚdarás an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil rannpháirtíocht na ndaoine sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe áit eile san iarratas.

Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú. Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar BAIOnline.

4.9 Oird Reatha Thráscacha

Ní mór d'iarratasóirí Raidió oird reatha tháscacha a sholáthar le haghaidh a gcuid tograí, ach amháin i gcás iarratais raidió a bhfuil script iomlán ag gabháil leo. Má tá sraith i gceist sa togra d'fhéadfadh sé gur leor sampla nó dhó d'ord reatha táscach.
Moltaroird reatha a sholáthar do chláir theilifíse ach níl sé éiginteach.

4.10 Scripteanna

Ní mór scripteanna a chur ar fáil le haghaidh gach clár Drámaíochta agus ní mór iad a bheith sa teanga ina mbeidh an clár á chraoladh. Maidir le sraith clár nach bhfuil na scripteanna go léir fós ar fáil ina leith, ní mór script amháin ar a laghad a chur ar fáil san iarratas mar aon le cur síos imlíne ar na cláir go léir sa tsraith. **Moltar scripteanna a chur ar fáil** i gcás formáidí eile freisin, mar shampla i gcláir faisnéise a bhfuil gné shuntasach drámaíochta iontu. Féadfar scripteanna scannánaithe a áireamh freisin.

4.11 Saothar Ealaíne Beochana

Ní mór saothar ealaíne beochana a sholáthar le gach iarratas ar chláir bheochana. Mura féidir é sin a sheoladh isteach leis an iarratas toisc go sáraíonn sé teorainn méide an chomhaid iarratais, féadfaidh iarratasóirí nasc a sholáthar le príomhshaothar ealaíne ar féidir teacht air ar an idirlíon. Is ar phriacal an iarratasóra atá sé sin. Má tá aon deacracht ann teacht ar an ábhar, níl dualgas ar an Údarás dul ar ais chuig an iarratasóir. Forchoimeádann an tÚdarás an ceart gan breathnú ar aon ábhar nár cuireadh isteach ar an bhFoirm Ar Líne ná ar an bhFoirm Iarratais agus gan measúnú a dhéanamh air. Ní ghlacfar le naisc do cáipéisí seachtracha ach amháin i gcás beochana.

4.12 An Prionsabal 'Pictiúrlann ar dTús'

Más mian le hIarratasóir scannán a dháileadh sula gcomhlíonfaidh sé nó sí an ceanglas maidir le craolachán faoi F&F ba chóir é sin a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go gcuimseodh an fhaisnéis sin an cur chuige i leith na heisiúna sna pictiúrlanna, agus ba cheart aon fhrámaí ama gaolmhara agus aon chostais tháirgthe a ghabhann leo sin a shainaithint go soiléir sa bhuiséad. Éilíonn BAI litir Dhaingnithe Craoltóra fós agus éileoidh sé go ndéanfar an scannán a chraoladh ar chraoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ó dháta na chéad eisiúna sna pictiúrlannna. Mar sin féin, más gnéscannán, clár faisnéise fada, dráma nó beochan é ábhar an chláir, tá an BAI toilteanach an craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ó dháta na chéad eisiúna sna pictiúrlanna.

4.13 An Prionsabal 'Digiteach ar dTús'

Teilifís

Más mian le hIarratasóir ábhar closamhairc a dháileadh sula gcomhlíonfaidh sé nó sí an ceanglas maidir le craoladh faoi F&F4 ba chóir é sin a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go gcuimseodh an fhaisnéis an cur chuige i leith na heisiúna digití, lena n-áirítear go hiomlán nó go páirteach, aon chomhpháirtíochtaí / mhaoinitheoirí gaolmhara, aon fhrámaí ama gaolmhara agus aon chostais tháirgthe ghaolmhara a shainaithint go soiléir sa bhuiséad. Éilíonn BAI litir Dhaingnithe Craoltóra fós, ar cheart go mbeadh gealltanas i scríbhinn inti don phrionsabal 'Digiteach ar dTús' agus éileoidh sé go ndéanfar an t-ábhar closamhairc a chraoladh ar chraoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gCraoltóir. Mar sin féin, más gnéscannán, clár faisnéise fada, dráma nó beochan é ábhar an chláir, tá BAI toilteanach an craoladh líneach le linn an bhuaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gCraoltóir.

Raidió

Más mian le hIarratasóir ábhar fuaime a dháileadh sula gcomhlíonfaidh sé nó sí an ceanglas craolachán a dhéanamh faoi F&F4 ba chóir é sin a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go gcuimseodh an fhaisnéis an cur chuige maidir leis an eisiúint dhigiteach, lena n-áirítear, go hiomlán nó go páirteach, aon chomhpháirtíochtaí / mhaoinitheoirí gaolmhara, aon fhrámaí ama gaolmhara agus aon chostais tháirgthe ghaolmhara ba chóir a shainaithint go soiléir sa bhuiséad. Éilíonn BAI fós litir Dhearbhaithe Craoltóra, ar cheart go mbeadh gealltanas i scríbhinn inti don phrionsabal Digiteach ar dTús, agus éileoidh sé go ndéanfar an t-ábhar fuaime a chraoladh ar chraoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ó dháta seachadta an ábhair ar an gCraoltóir.

Ba cheart d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh do chuid 3.1.7 den Treoir maidir leis an méid is féidir a chionroinnt ar Digital First do thionscadail teilifíse agus raidió.

Aguisín 1 – Réamh-Mhaitrís Scórála

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.1, foráiltear le F&F4 go gcaithfidh iarratasóir agus an t-iarratas roinnt critéar a chomhlíonadh chun a bheith cáilithe le haghaidh measúnú i leith maoiniú a dhámhachtain. Ba chóir don iarratasóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, mura mbainfidh sé nó sí scór Pas amach faoi gach critéar, nach mbeidh an t-iarratas incháilithe le haghaidh measúnú chun maoiniú a dhámhachtain.

CRITÉAR		*Is ea / Ní hea*
Incháilitheacht: An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi F&F4 agus an gcomhlíonann an t-iarratas buncheanglais F&F4? Baineann seo leis an gceist:*:*	*a) an gcomhlíonann stádas an iarratasóra ceanglais na scéime*	
	b) an bhfuil an téama, an teanga, an fhormáid agus seánra a mholtar i gcomhair an chláir i gcomhréir leis an téama, an teanga, an bhformáid agus an seánra a cheadaítear faoi F&F4	
	c) an bhfuil an méid maoiniúcháin atá á iarraidh ag teacht laistigh de na ceaduithe teorann faoi F&F4	
	d) assuming that the amount requested from the BAI is secure, at least 85% of total funding required to produce the project is demonstrated as secure	
	e) an bhfuil soláthar leordhóthanach déanta ag an iarratasóir i gcomhair Seirbhísí Rochtana de réir cheanglais BAI (an teilifís amháin)	
	f) ar thug an t-iarratasóir dearbhú nár tosaíodh an táirgeadh sular cuireadh an t-iarratasóir faoi bhráid F&F4	
	g) Tá sé deimhnithe go bhfuil craoltóir incháilithe tiomanta, ach amháin I gcás tograí dráma agus beochan a bhfuil níos lú ná 50% de chostais léiriúcháin incháilithe á lorg acu.	
Ina theannta sin: *Ar thug an t-iarratasóir dearbhú go bhfuil ábhar an chláir atá á mholadh nua agus gur dheacair é a tháirgeadh in éagmais maoiniú faoi F&F4?*		
An bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine?: *Ar chomhlíon an t-iarratasóir treoirlínte uile an chomórtais agus ar sheol sé nó sí na doiciméid iomchuí go léir isteach? (beidh litir dhearbhaithe craoltóra go gcraolfar an clár le linn sceideal bhuaic-ama ináirithe nuair is gá agus go bhfuil sé léirithe go bhfuil leibhéal dóthanach maoinithe urraithe ann)*		

Is ionann scór pas a bhaint amach sa chéim cháiliúcháin agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-iarratas incháilithe lena bhreithniú chun maoiniú a dhámhachtain, agus é sin amháin. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe, tabharfar neamhaird ina dhiaidh sin ar an scór pas a bronnadh le linn na céime cáiliúcháin agus ní bheidh aon ról aige i mbreithniú na n-iarratas ar mhaoiniú is oiriúnaí, is rud a chinnfear faoi threoir na gcritéar atá leagtha amach i ndoiciméid treorach F&F4 (féach Aguisíní 2 agus 3), agus faoina dtreoir sin amháin.

Aguisín 2 – Maitrís Scórála Cáiliúcháin

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.2, déantar socrú le F&F4 chun breithniú a dhéanamh ar iarratas ar mheasúnú i leith maoiniú a dhámhachtain má bhaineann iarratas pas amach sa Chéim Réamh-mheastóireachta. Sa chéad chéim mheasúnaithe eile sin, an Chéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil, bunófar painéil mheasúnaithe agus déanfaidh foireann F&F4 BAI iarratais a shannadh agus aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht ar barr á gcur i gcuntas agus á chinntiú go ndéanfar iarratais a ghrúpáil go cuí, lena n-áirítear scileanna measúnóra. Déantar gach iarratas a mheasúnú go neamhspleách, agus ansin tionóltar cruinniú den Phainéal chun gach iarratas a phlé, measúnú críochnaitheach agus scór a dhámhachtain dó. Tá na critéir cháilíochtúla iomchuí leagtha amach thíos.

CRITÉIR	*Scór ar Fáil*
Breisíocht, Luach Cultúir & Nuálaíocht: *Cé chomh maith agus a chuireann ábhar an chláir/na gclár le raon na ndeiseanna féachana nó éisteachta le haghaidh lucht féachana agus éisteachta in Éirinn? Cé chomh maith agus a théann an togra i ngleic le héagsúlacht in ábhar an togra? Ina leith seo, an molann an t-iarratas gnéithe de chultúr, sochaí, pobail nó muintir na hÉireann nach léirítear go minic a léiriú? Cé chomh spreagúil agus nuálach agus atá an t-iarratas maidir le cur i láthair an chláir agus an cur chuige maidir le táirgeadh an chláir? Ar thaispeáin an t-iarratasóir aon ghné nuálach eile maidir leis an togra mar shampla, Digiteach ar Dtús a chur san áireamh?* *Maidir le hIarratasóirí a bhaineann le Craoltóirí an Phobail, cé chomh maith agus a chuireann an togra le réimse na ngrúpaí nó na ndaoine aonair atá páirteach go gníomhach sa stáisiún? An gcuimsítear leis an togra clár a dhéanamh trí ghrúpa pobail nach mbíonn rannpháirteach rómhinic, agus/nó nach gcloistear rómhinic sna meáin? An dócha go dtiocfaidh forbairt as sin ar thuiscint níos fearr, agus rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus i scaipeadh ábhar an chraolta?*	**50**
Acmhainní agus Cás a rinneadh ar son maoinithe: *An bhfuil na hacmhainní atá beartaithe mínithe go soiléir agus an bhfuil siad leordhóthanach agus réadúil i gcomhthéacs an togra atá beartaithe? An míníonn an buiséad, agus nótaí an bhuiséid an fáth a bhfuil línte costais áirithe riachtanach agus údar maith leo i gcomhthéacs an chláir atá beartaithe? An bhfuil luach ar airgead i gceist leis an togra agus an bhfuil méid an mhaoinithe a iarradh ar Údarás Craolacháin na hÉireann réalaíoch? An mbeadh sé deacair an tionscadal a dhéanamh gan tacaíocht an Údaráis? Ar thug an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí chun críche, cibé acu foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, le tríú páirtithe ábhartha? Má thug, le chomh-infheisteoir, cén leibhéal de chomhinfheistíocht atá bainteach, cén tairbhe a thabharfaidh sé don tionscadal agus an gcuireann sé giaráil níos fearr ar fáil do mhaoiniú an Údaráis? Má tá an t-iarratasóir ag cur airgead ar fáil don tionscadal, an bhfuil an méid atá ag teacht uathu réalaíoch? An cuntas teiste atá ar an Iarratasóir agus ar phearsanra lárnach atá páirteach sa tionscadal lena n-áirítear sonraí tacaíochta ar nós CVanna mar a leagtar amach san iarratas agus ar thaispeáin an t-iarratasóir an cumas chun seachadadh?*	**20**
Caighdeán an Iarratais: *Cé chomh maith agus a léiríonn an togra go gcuirfidh sé cruthú an ábhair bhaintigh go cultúrtha chun cinn do lucht féachana na hÉireann agus aidhmeanna agus cuspóirí na hÉireann de Fhuaim agus Fís 4 a chur chun cinn? An dtaispeántar go soiléir sa togra ó thaobh ábhair, cur chuige agus próiseas léiriúcháin de go mbeidh an clár/na cláir ar ardchaighdeán? Ar thug an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí chun críche, cibé acu foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, le tríú páirtithe ábhartha? Má thug, le déantóir cláir nó le déantóirí clár, cén tairbhe a thabharfaidh sé don phróiseas déanta clár agus don ábhar cláir dá réir? Cuntas teiste an Iarratasóra ag a bhfuil iarratais nó conarthaí déanta ar Fhuaim & Fís roimhe seo san áireamh?* *Maidir le hiarratasóirí atá bainteach le Craoltóirí Pobail, cén feabhas a chuirfidh sé ar thorthaí tairbhe sóisialta de chuid an tionscadail (lena n-áirítear maidir le héagsúlacht níos fearr, rannpháirtíochtaí pobail agus cuimsiú sóisialta)?*	**30**

Ní mór d'iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach ceann de na critéir éigeantacha chun cáiliú le haghaidh breithniú ar mhaoiniú a dhámhachtain

Aguisín 3 – Maitrís Scorála Straitéisí

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.3, déantar socrú le F&F4 maidir le céim Mheasúnaithe Straitéisigh inar mó líon na n-iarratas cáilitheach ón gCéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil ná an leibhéal maoinithe atá ar fáil. Maidir leis sin de, ceanglaítear mar chuid den Chéim Mheasúnaithe Straitéisigh scrúdú breise a dhéanamh ar leithdháileadh cistí. Caithfidh BAI a bheith feasach ar chothromaíocht an mhaoinithe ar fud na meán craolacháin; ó thaobh teanga; formáide agus seánraí; an lucht féachana agus éisteachta ar a bhfriothálitear; agus aon chritéar straitéiseach ar leith arna leagan síos ag an Údarás, mar shampla, mná i bpríomhról cruthaitheach.

SRUTH MAOINITHE UM THÁIRGEADH CLÁIR GHINEARÁLTA OSCAILTE - CRITÉIR STRAITÉISEACHA	*Scór ar Fáil*
Éagsúlacht na bhFormáidí, Seánraí, Ábhar agus an Lucht Féachana a bhfreastalaítear air: *Chun a chinntiú go dtáirgtear ábhar atá bainteach go cultúrtha, ní mór sciar dháileadh an mhaoinithe ar fud na bhformáidí, seánraí agus luchta féachana ceadaithe a bhaint amach. Tabharfar aird ar an éagsúlacht in ábhar an chláir bheartaithe, lena n-áirítear comhionannas agus cuimsiú inscne.*	*70*
An Ghaeilge: *Ní mór d'Údarás Craolacháin na hÉireann a chinntiú go mbronntar 25% den mhaoiniú bliantúil ar Chlársceidealú Gaeilge / dátheangach. Bronntar an scór má thaispeántar gurb í an Ghaeilge 30% den teanga a úsáidtear.*	*10*
Forbairt Tallainne agus Scileanna: *An dtugann an t-iarratas deis ar fáil maidir le forbairt na tallainne nó na scileanna, go háirithe daoine lena dtaispeántar éagsúlacht cultúr agus éagsúlacht eitneach na hÉireann agus an leor an leibhéal tacaíochta? Nó an leor an méid deiseanna a chuireann an t-iarratasóir ar fáil chun tallann agus/nó scileanna a fhorbairt?*	*10*
Mná i bPríomhról Cruthaitheach: *A mhéid a chuirtear mná san áireamh i ról na ceannaireachta san fhoireann chruthaitheach.*	*10*
Scór Measúnaithe Cháilíochtúil: *An scór mar a bhronnann an Painéal Measúnaithe Cháilíochtúil*	--

The Broadcasting Authority of Ireland
2-5 Warrington Place
Dublin 02 XP29.

Telephone: 01 644 1200
Fax: 01 644 1299
Email: info@bai.ie
Website: www.bai.ie